Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13375/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0163 (COD)**

**CODEC 1383**
**TRANS 416**
**MAR 127**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002<br>– Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh |

1. An 1 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 20 Meán Fómhair 2023[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2024[3].

---

1 10133/23 + ADD 1.
2 IO C, C/2023/873, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/873/oj.
3 10700/24.

5. An 4 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[4], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

6. An 24 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air[5].

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle go ndéanfaidh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 10056/25 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 10056/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

8. Tá an ráiteas, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[4] 9436/25.
[5] 13230/25.